| **Gaeilge** | **Béarla** |
|---|---|
| **1. Shuigh na páistí ar bhruach na habhann.** | **The children sat on the bank of the river.** |
| a. an páiste / na páistí | the child / the children |
| b. an abhainn / na habhann | the river / of the river |
| c. Suigh síos! | Sit down! |
| d. Shuigh mé síos. | I sat down. |
| e. Tá mé i mo shuí. | I'm sitting [in my sitting]. |
| f. Seas suas! | Stand up! |
| g. Sheas mé suas. | I stood up. |
| h. Tá mé i mo sheasamh. | I'm standing [in my standing]. |

| | |
|---|---|
| **2. Bhí an-ocras orthu.** | **They were very hungry.** |
| a. Bhí an-ocras orm. | I was very hungry. |
| b. Bhí an-tart ort. | You were very thirsty. |
| c. Bhí an-tuirse air. | He was very tired. |
| d. Bhí an-eagla uirthi. | She was very scared. |
| e. Bhí an-fhaitíos orainn. | We were very worried. |
| f. Bhí an-deifir oraibh. | Ye were in a great hurry. |
| g. Bhí an-slaghdán orthu. | They had a very bad cold. |
| h. Bhí an-tuirse ar Sheán. | Sean was very tired. |

| | |
|---|---|
| **3. D'ith siad agus d'ól siad a ndóthain.** | **They ate and drank their fill.** |
| a. D'ith mé mo dhóthain. | I ate my fill. |
| b. D'ith tú do dhóthain. | You ate your fill. |
| c. D'ith sé a dhóthain. | He ate his fill. |
| d. D'ith sí a dóthain. | She ate her fill. |
| e. D'ith muid ár ndóthain. | We ate our fill. |
| f. D'ith sibh bhur ndóthain. | Ye ate your fill. |
| g. D'ith siad a ndóthain. | They ate their fill. |
| h. Chonaic sé a athair. | Hi saw his father. |
| i. Chonaic sí a hathair. | She saw her father. |
| j. Chonaic siad a n-athair. | They saw their father. |

| | |
|---|---|
| **4. Nuair a bhí an béile thart luigh siad siar ar an bhféar faoi theas na gréine.** | **When the meal was over, they laid back on the grass under the heat of the sun.** |
| a. Luigh siar! | Lay back! |
| b. Luigh mé siar. | I laid back. |
| c. Tá mé i mo luí. | I'm lying down [in my lying]. |
| d. an ghrian / na gréine | the sun / of the sun |

| | |
|---|---|
| **5. Is iomaí rud a bhí le feiceáil thart orthu.** | **There were many things to be seen around them.** |
| a. Is iomaí rud a bhí le hithe. | There were many things to eat. |
| b. Is iomaí rud a bhí le hól. | There were many things to drink. |
| c. Is iomaí duine ag Dia. | It takes all kinds to make a world. [God has many people] |

| | |
|---|---|
| **6. Chonaic siad faoileáin ag eitilt sa ghort.** | **They saw seagulls flying in the field.** |
| a. faoileán / faoileáin | seagull / seagulls |
| b. D'eitil an faoileán. | The seagull flew. |
| c. Bhí an faoileán ag eitilt. | The seagull was flying. |

| | |
|---|---|
| **7. Bhí breac ag léim san abhainn.** | **There was a trout leaping in the river.** |
| a. Léim an breac. | The trout leaped. |
| b. Bhí an breac ag léim. | The trout was leaping. |
| c. an chistin / sa chistin | the kitchen / in the kitchen |
| d. an abhainn / san abhainn | the river / in the river |

| | |
|---|---|
| **8. Phreab giorria amach as an gclaí.** | **A hare sprang out from the fence.** |

| | |
|---|---|
| **9. Go tobann thit damhán alla anuas ar shrón Dhónaill.** | **Suddenly, a spider fell down onto Donall's nose.** |
| a. Dónall / Dhónaill | Dan / of Dan, Dan's |

| | |
|---|---|
| **10. Lig sé béic as.** | **He screamed [let a scream out of him].** |
| a. Lig mé béic asam. | I screamed. |
| b. Lig tú béic asat. | You screamed. |
| c. Lig sé béic as. | He screamed. |
| d. Lig sí béic aisti. | She screamed. |
| e. Lig muid béic asainn. | We screamed. |
| f. Lig sibh béic asaibh. | Ye screamed. |
| g. Lig siad béic astu. | They screamed. |

| | |
|---|---|
| **11. *Gearóid*: Há! Há! Tá eagla ort roimh an damhán alla.** | ***Gearóid*: Ha! Ha! You're afraid of the spider.** |

| | |
|---|---|
| **12. *Dónall*: Níl, ach baineadh geit asam. Cá bhfuil sé?** | ***Dónall*: No, but I was surprised. Where is it?** |

| | |
|---|---|
| **13. *Gearóid*: Tá sé imithe anois.** | ***Gearóid*: It's gone now.** |
| a. Tá sé ite anois. | It's eaten now. |
| b. Tá sé ólta anois. | It's drunk now. |

| **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|
| Q1. Cár shuigh na páistí? | Where did the children sit? |
| | |
| Q2. Ar ith siad mórán bia? | Did they eat a lot of food? |
| | |
| Q3. Cad a rinne siad nuair a bhí an béile thart? | What did they do when the meal was over? |
| | |
| Q4. Ainmnigh trí rud a chonaic na páistí. | Name three things the children saw. |
| | |
| Q5. Cad a bhí na faoileáin ag déanamh? | What were the seagulls doing? |
| | |
| Q6. Cén fáth ar lig Dónall béic as? | Why did Donall scream? |
| | |
| Q7. Cá ndeachaidh an damhán alla? | Where did the spider go? |
| | |
| Q8. Céard a dúirt Gearóid faoi Dhónall? | What did Gearoid say about Donall? |
| | |
| Q9. Cén leithscéal a bhí ag Dónall? | What excuse did Donall have? |
| | |
| Q10. Cad a rinne an damhán alla ansin? | What did the spider do then? |
| | |
| Q11. Ar shuigh tú ar bhinse inniu? | Did you sit on a bench today? |
| | |
| Q12. Ar ith tú ceapaire inniu? | Did you eat a sandwich today? |
| | |
| Q13. Cad a d’ól tú ar maidin? | What did you drink in the morning? |
| | |
| Q14. An bhfaca tú damhán alla inniu? | Did you see a spider today? |
| | |
| Q15. Ar thit damhán alla ar do shronsa riamh? | Has a spider ever fallen on your nose? |
| | |
| Q16. An bhfuil eagla ort roimh dhamhán alla? | Are you afraid of a spider? |
| | |
| Q17. An bhfuil eagla ort roimh mhadraí? | Are you afraid of dogs? |
| | |